

Plean Covid-19 Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin

1. Díghalarán saor-tadhaill curtha isteach i ngach seomra, ag gach bealach isteach, agus i go leor áiteanna eile timpeall na scoile.
2. Postaéirí Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte á chrocadh timpeall na scoile faoi Covid-19. Tá na postaéirí seo in aice le gach stáisiún níos níos lámha freisin.
3. Clár Covid-19 mar chuid de Ionduchtú an nDaltaí agus na Múinteoirí ag tús na bliana.
4. Pacáiste le scáthlán, masc aghaidhe, díghalarán láimhe agus glantóirí frithbhactéir á thabhairt do gach dalta agus ball fóirne ag tús na scoilbliana.
5. Beidh masc aghaidhe á chaitheamh gach uair ná ch féidir scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm.
6. Leagfar béim ar fhreagracht pearsanta gach ball de phobal na scoile.
7. Tá seomraí breise faighte againn, Halla an CLG, Seomra Ranga i Halla an Phobail, Seomra Ranga i gClub na Leoin san áireamh.
8. Fanfaidh daltaí ina mbunranganna agus a mbunseomraí ach amháin nuair a bhrisfear suas le haghaidh Ábhair Roghnacha.
9. Glanfar na boird le glantóirí frithbhactéir ag tús agus deireadh gach rang ina mbogfar go seomra eile.
10. Beidh córas bainistiú tráchtá aontreo i bhfeidhm.
11. Beidh na taisceadáin ins na bunseomraí ranga den chuid is mó.
12. Tá dáileadh na ranganna aistrithe ó 3 rang, sos, 3 rang, lón, 3 rang go 4 rang, sos, 2 rang, lón, 3 rang. Méadóidh sé seo an méid ranganna dúbailte go féidir a chur ar siúl, rud a mholtar sna treoirlíntí.
13. Beidh lón mór 25 nóiméid ar fhad seachas 35 nóiméid.
14. Íosfar a lóin ina mbunseomraí ranga nó amuigh sa chlós, áit a fhanfar ar a laghad 1m ó gach páiste eile.
15. Críochnóidh Bliain 1, 2 agus 4 ag a 15:25 seachas 15:30. Críochnóidh gach blianghrúpa eile ag a 15:30
16. Moltar an Plean Taistil Scoile a chur i bhfeidhm níos mó. Déanfar é seo a fhógairt agus tarraingeofar áird air sna laethanta amach anseo.
17. Ní féidir cuairt a thabhairt ar an scoil gan coinne.
18. Má tá aon simptóim á léiriú ag aon bhall scoil, ní mór dóibh fanacht sa bhaile agus comhairle leighis a lorg.

19. Tá seomra aonrú curtha i bhfeidhm do dhaltaí a léiríonn siomptóim i rith an lae. Fanfar ann go dtí go mbaileofar iad.
20. Is í Orla de Bhailís an Príomhionadaí Oibritheoirí don scoilbhliain 2020-21.
21. Ní mór do gach ball fóirne an Fhoirm Fhillte Scoile a líonadh trí la roimh teacht ar ais ar scoil.
22. Ní mór do gach cuairteoir ar an scoil Foirm Féin-Dhearbhaithe a líonadh agus a sheoladh chuig an scoil ar a laghad trí lá roimh teach tar chuairt.
23. Caithfidh na daltaí a gCulaith Reatha agus éadaí scoile gach ré lá mar a leagadh síos.
24. Seolfar dalta abhaile má dhiúltaítear clúdach aghaidhe a chaitheamh.
25. Tá traenáil ar Covid-19 déanta ag gach ball fóirne.
26. Tá an clós scoile roinnte suas le áit ar leith le haghaidh gach bliainghrúpa.
27. Tá scáileán timpeall bórd an mhúinteora i ngach seomra ranga.
28. Tá scáileán plaisteach idir na hionaid oibre sa seomra fóirne uachtarach.